# Úinéireacht Fhreagrach Madraí

Tá úinéir maith tuillte ag do mhadra.



Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

## Ar cheart dom Madra a fháil?

Is gealltanas fadtéarmach é madra a thógáil faoi do chúram. Cuir na príomhcheisteanna seo ort féin sula ndéanann tú cinneadh.

1. **An bhfuil mo theachsa oiriúnach do mhadra?**

   Smaoinigh ar cé acu a bhfuil nó nach bhfuil do chúinsí maireachtála oiriúnach do mhadra, agus an gcaithfidh tú cead a fháil chun madra a choinneáil i d'áit chónaithe.

2. **An bhfuil mo stíl mhaireachtála oiriúnach chun aire a thabhairt do mhadra?**

   Smaoinigh ar conas a réiteodh madra le do stíl mhaireachtála. An mbeadh tionchar ag athrú ar do chúinsí saoil ar do chumas aire a thabhairt do mhadra?

3. **An bhfuil an t-airgead agam chun costais a chlúdach?**

   Caithfidh úinéirí buiséad na gcostas a chur le chéile chun aire fhreagrach a thabhairt do mhadra, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:

   - bhia madraí
   - leaba agus giuirléidí
   - cheadúnas madraí
   - mhicrishliseadh
   - chúram tréidliachta, vacsaíniú, neodrú

## Foinsiú Freagrach, Úinéir Nua a Fháil do Mhadra

Smaoinigh ar mhadra a thógáil isteach ó dhídean madraí an údaráis áitiúil nó ó charthanacht leasa ainmhithe.

Is féidir teacht ar shonraí faoi Dhídean Madraí CCÁCT ar https://www.sdcc.ie/en/services/environment/animal-welfare/dogs/

Má tá tú ag fáil madra ó Fhoras Pórúcháin Madraí, faigh amach i dtosach an bhfuil an t-áitreabh cláraithe leis an údarás áitiúil cuí. Beidh deimhniú clárúcháin ar taispeáint san áitreabh ag Foras Pórúcháin Madraí atá cláraithe.

Ná bailigh madra gan an madra sin a fheiceáil ina thimpeallacht bhaile agus ná bíodh deifir ort cinneadh a dhéanamh.

## Ceadúnais Mhadraí

Caithfidh ceadúnas a bheith ag gach madra. **Baineann costas €20 le Ceadúnais Bhliantúla, a athnuaitear gach bliain, agus baineann costas €140 le Ceadúnais Fad Saoil.**

Is féidir iad a cheannach in aon Oifig an Phoist nó ar líne ag www.licences.ie. Mura bhfuil ceadúnas madraí agat is féidir leis an Maor Madraí **fíneáil €150 a ghearradh ort ar an láthair.** Mura n-íoctar an fhíneáil sin, féadfar cás a thabhairt i d'éadan agus **fíneáil suas le €2,500** agus/nó tréimhse phríosúnachta suas le 3 mhí a ghearradh ort má chiontaítear thú.

## Comhartha Aitheantais agus Micrishliseadh

Caithfear a bheith in ann gach madra a aithint le suaitheantas nó pláta ar an gcoiléar, ar a bhfuil ainm agus sonraí teagmhála an úinéara. Mura bhfuil comhartha aitheantais ag do mhadra, féadfar **fíneáil €200 a ghearradh ort ar an láthair.** Mura n-íoctar an fhíneáil sin, féadfar cás a thabhairt i d'éadan agus **fíneáil suas le €2,500** agus/nó tréimhse phríosúnachta suas le 3 mhí a ghearradh ort má chiontaítear thú.

Ní mór micrishlis a bheith ag do mhadra de réir an dlí, agus caithfidh Deimhniú Micrishliste clóite a bheith ag úinéirí madra. D'fhéadfadh an mhicrishlis cabhrú leat teacht ar do mhadra dá rachadh sé ar strae.

## Do Mhadra a Choinneáil Faoi Smacht

Caithfear madraí a choinneáil faoi smacht i gcónaí. Caithfidh duine a bheith in éineacht le madraí in áiteanna poiblí de réir an dlí, agus caithfear iad a choinneáil faoi 'smacht éifeachtúil'.

Moltar duit do mhadra a choinneáil ar éill i spásanna poiblí

agus a chinntiú nach gcuireann do mhadra isteach ar dhaoine eile. Caithfidh gach madra a bheith ar éill i bpáirceanna faoi úinéireacht CCÁCT.

**Is tusa a bheidh freagrach de réir an dlí má ghortaíonn do mhadra duine nó ainmhí eile.**

**Caithfidh** béalóg a bheith ar na cineálacha madra seo a leanas agus caithfear iad a choimeád ar éill i gcónaí agus iad amuigh sa phobal:

1. Tarbh-Bhrocaire Meiriceánach
2. Tarbhmhaistín
3. Pinséir Dobermann
4. Tarbh-Bhrocaire Sasanach
5. Alsáiseach
6. Aicíte Sheapánach
7. Tósa Seapánach
8. Dronnach Róidéiseach
9. Rótvaidhléir
10. Tarbh-Bhrocaire Staffordshire
11. Lallmhadra
12. **Aon mhadra crosphóraithe de na pórtha thuasluaite.**

Féadfar fíneáil **€300 a ghearradh ort ar an láthair** mura bhfuil béalóg ar an madra nó mura bhfuil an madra ar éill, nó má ligeann tú do dhuine nach bhfuil os cionn 16 bliana na madraí sin a threorú.

Mura n-íoctar an fhíneáil sin, féadfar cás a thabhairt i d'éadan agus **fíneáil suas le €2,500** agus / nó tréimhse phríosúnachta suas le 3 mhí a ghearradh ort má chiontaítear thú.

Ón 1 Feabhra 2025, tá sé mídhleathach madra Bulaí An-Mhór (XL Bully) a bheith agat mura bhfuil Deimhniú Díolúine agat.

Má bhriseann tú rialacha an choisc ar Bhulaí An-Mhór, féadfar:

- Fíneáil suas le **€2,500** a ghearradh ort
- Tréimhse phríosúnachta suas le 3 mhí a ghearradh ort
- Fíneáil agus tréimhse phríosúnachta araon a ghearradh ort

## Salú ag Madraí

Is guais don tsláinte é faecas madraí, agus is féidir leis a bheith mar chúis le Salmonella nó le hionfhabhtú darb ainm Tocsacáiriáis, ar féidir iad a thabhairt do dhaoine trí theagmháil le faecas éillithe. Níl sé inghlactha ligean do mhadraí salú in áiteanna poiblí.

Faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, caithfidh úinéirí madraí glanadh suas i ndiaidh a madraí de réir an dlí, má shalaíonn a madraí in áiteanna poiblí.

**CUIR SA MHÁLA AGUS SA BHOSCA BRUSCAIR É I GCÓNAÍ.**

Mura nglanann tú suas i ndiaidh do mhadra, féadfar **fíneáil €150 a ghearradh ort ar an láthair.** Mura n-íoctar an fhíneáil sin, féadfar cás a thabhairt i d'éadan agus **fíneáil suas le €4000** a ghearradh ort má chiontaítear thú.

Téigh i dteagmháil leis an **Maor Bruscair** ar **01 414 9000** chun úinéirí madraí nach nglanann suas i ndiaidh a madraí a thuairisciú.

## Truailliú de Dheasca Torainn

Is cion dlíthiúil é má bhíonn madraí ag tafann an iomarca ar shlí a gcuireann isteach ar dhaoine. Má chuireann tafann leanúnach isteach ort, labhair le húinéir an mhadra sin. Mura n-oibríonn sé sin, faoin Acht um Rialú Madraí, 1986, is féidir leat gearán oifigiúil a chur faoi bhráid do Chúirte Dúiche áitiúla ag baint leas as an bhfoirm chuí.

## Madraí Seachráin

Is féidir le Maoir Mhadraí CCÁCT madraí seachráin a urghabháil. Tabharfar go dtí an Dídean Madraí iad agus coinneofar ann ar feadh cúig lá iad, ionas go bhfaighidh na húinéirí ar ais iad. Glactar grianghraf de mhadraí seachráin agus cuirtear na grianghraif in airde ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus ar Leathanach Facebook na dídine, chun cabhrú le húinéirí a bpeata atá ar strae a aimsiú. Téigh i dteagmháil le **Maoir Mhadraí CCÁCT** chun faisnéis a fháil maidir le madraí seachráin ar **01 414 9213** nó trí ríomhphost a chur chuig **info@sdublincoco.ie**

## Dídean Madraí

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Dhídean Madraí reatha CCÁCT, agus maidir le haon cheist a bhaineann le Rialú Madraí CCÁCT, téigh chuig **https://www.sdcc.ie/ga/seirbhisi/comhshaol/follaine-chomhshaoil/ainmhi-coimheasa/madrai/** nó déan an cód QR a scanadh

## NÍ MÓR do mo mhadra

- ☐ Micrishlis a bheith aige agus clárúchán cothrom le dáta a bheith aige ar bhunachar sonraí formheasta.
- ☐ Deimhniú clárúcháin a bheith aige ón mbunachar sonraí micrishlise.
- ☐ Ceadúnas madraí bailí a bheith aige arna eisiúint ag An Post.
- ☐ Coiléar nó úim a chaitheamh ar a bhfuil mo chuid sonraí teagmhála.
- ☐ A bheith faoi mo smacht éifeachtúil in áiteanna poiblí uirbeacha agus tuaithe.
- ☐ Rochtain a bheith aige ar uisce glan agus bia cuí, a oireann do riachtanais mo mhadra.
- ☐ A bheith coinnithe ar bhealach a gcosnaíonn sláinte agus leas mo mhadra.
- ☐ A bheith coinnithe ar bhealach nach mbagraíonn ar shláinte nó leas ainmhí eile.
- ☐ A bheith coinnithe ar bhealach a gcosnaíonn sláinte agus leas daoine eile.